

# Ómós Áite: a Rian ar Scríbhneoirí in Éirinn

Seán Ó Tuama

I dtosach an chéid seo chum Pádraig Ó hÉigearthaigh, file nach mór é a cháil, caoineadh simplí corraitheach ar a mhac, Donnchadh, a bádh in aice le Boston:

Ochón! a Dhonncha, mo mhíle cogarach, féin bhfód so sínte;  
fód an doichill ‘na luí ar do cholainn bhig, mo loma-sceimhle!  
Dá mbeadh an codladh so i gCill na Dromad ort nó in uaigh san Iarthar  
mo bhrón do bhogfadh, cé gur mhór mo dhochar, is ní bheinn id’ dhiaidh air.

Ní chuirfidh sé iontas dá laghad ar aon Éireannach go samhlódh an file gur fód doicheallach a luigh ar cholainn a mhic thar lear. Agus tuigimid ar fad cad ina thaobh gur i gCill na Dromad (áit nach eol d’ár bhformhór) ab fhearr go mór fada leis an athair corp a mhic a bheith ina luí: mar gurb é an baile/an ceantar dúchais é, lárionad na cruinne inar tógadh Pádraig Ó hÉigearthaigh—agus ina theannta sin toisc gurb é an láthair bheannaithe adhlactha é a bhí ceaptha le sinsearach do mhuintir an fhile. *Cliché*, sean-nath caite, is ea cuid mhaith den ábhar sin i litríocht na hÉireann. Sa litríocht is fearr againn, áfach (.i. litríocht a bhfuil féith láidir chruthaitheach inti), braitear athbheochan mhothálach ealaíonta á déanamh go minic ar an sean-nath, ar an sean-ábhar. I ndán Phádraig Uí Éigearthaigh féin, mar shampla, braithimid an doicheall seo a luann sé ag fás chugainn tríd an dán ar fad; tá na bláthanna ar an uaigh ‘feoithe caite’; is ‘garbh doilbh’ leis ‘an Ghaeilge oscailte’ a chloisint á labhairt sa tír iasachta; is fuath leis ‘sealad i gcomhluadar carad’; tá sé nach mór in earraid le Dia féin; nár fhág aige a ábhar laoiach:

Ó, mo chaithis é! is beag do cheapas-sa i dtráth mo dhóchais  
 ná beadh an leanbh so ‘na laoch mhear chalma i lár na fóirne,  
 a ghníomhartha gaisce ‘s a smaointe meanman ar son na Fódla—  
 ach an Té do dhealbhaigh de chré ar an dtalamh sinn, ní mar sin d’ordaigh.

Is dócha go bhfuil ómós don bhaile dúchais le fáil a bheag ná a mhór i ngach cultúr ar domhan, agus gur fhág sin a rian ar líon do-áirithe scríbhneoirí cáiliúla. An-mhínic—ag filí go háirithe—is Parthas, dar leo, an áit ar chaith siad a n-óige; Parthas a lorgaíonn siad ar ais gan sos i rith a saoil.

Is deacair a chreidiúint, áfach, go bhfuil téama an bhaile dhúchais/an cheantair dhúchais neadaithe chomh domhain in aon chultúr iar-Eorpach eile is atá i gcultúr na hÉireann. Tá a rian le fáil i ngach ré de litríocht na hÉireann ó ré na Sean-Ghaeilge i leith. Is gnách sa litríocht thraidisiúnta gur baile fearainn nó paróiste tuaithe a bhíonn i gceist leis an mbaile dúchais; Cill na Dromad murab ionann is baile mór Chill Airne; ‘paróiste’ Uíbh Laoghaire murab ionann is cathair Chorcaí... Bíodh is go gcónaíonn os cionn a leath de dhaonra na tíre inniu i gcathracha is i mbailte móra, bíonn aghaidh fhormhór ár muintire fós, ba dhóigh leat, ar an seanbhaile tuaithe. Tá sampla suaithinseach againn den mheon sin i bhfilíocht Mháirtín Uí Dhireáin: is bunbhraistint í ina chuid filíochta gur ar díbirt atá sé i mBaile Átha Cliath ó Oileáin Árann; go bhfuil sé gaibhnithe sa ‘chathair fhalsa’. Séamas Heaney féin, dá idirnáisiúnta é a thaithí saoil, labhraíonn sé ar bheith faoi léigear ‘(in) the empty city’. Ar ndóigh, is iad eachtrannaigh an choncais is mó a thóg na bailte móra is na cathracha in Éirinn—go háirithe ar an gcósta thoir—agus is minic nach raibh ach *ghetto* cúng ar fáil iontu don phobal dúchais. B’fhéidir go míníonn an méid sin roinnt den chol atá fós, dealraíonn sé, ag cuid mhaith de mhuintir na hÉireann le saol na cathrach. Ina dhiaidh sin, is dóichí gurb é is mó faoi deara an col seo a bheith ann ná nádúr na sochaí Gaelaí féin ó aimsir na réamhstaire anuas go dtí an seachtú céad déag. Bhí an tsochaí sin bunaithe go daingean ar chóras dí-lárnaithe na dtuath. Dúirt Eoin Mac Néill ina thaobh sin: ‘We find the ancient Greeks organised like the Irish in small political communities, but these (Greek communities) ... are based in each case on a walled town. The Irish state remained a rural city, a city of the fields.’ Ó aimsir na réamhstaire anuas go dtí c. 1600 b’fhéidir a rá, is dócha, go raibh idir céad agus dhá chéad tuath (.i. *rural cities*) a bhí neamhspleách go maith ar a chéile, ar thalamh na hÉireann. Samhlaíodh ó aimsir na réamhstaire anall go raibh mar a bheadh lánúnachas nó cuing phósta idir an tuath agus an taoiseach tuaithe (agus b’fhéidir, leis, idir críocha áirithe sa tuath sin agus na flatha sóisearacha faoi leith a raibh ceannas acu iontu). Anuas go dtí an seachtú céad déag féin, dhéantaí searmanais—a raibh tréithe ársa ‘réamhchríostaí’ ag baint leo—a chomóradh ar chnoic nó ar thulaí d’fhonn an ceangal seo idir an taoiseach agus a chríocha dúchais a bhuanú. Níor dheoranta is dócha lena pobal éisteachta, go déanach san